Toirt na scamhóg a thomhas

FEARAS	Báisín mór uisce, Buidéal plaisteach (4/5 lítear) agus claibín air, tiúb plaisteach. Cúpla seantuáille chun glanadh suas
ULLMHÚCHÁN	Cuir marcanna ar an mbuidéal m.sh. 1l, 2l, 3l, 3.5l, trí shoitheach grádaithe a úsáid.
CÚLRA	Bíonn do scamhóga ag líonadh agus ag folmhú gach uair a thógann tú anáil. Taispeánann an méid aeir ag barr an bhuidéil an méid aeir a bhí i do scamhóga agus a bhrú an t-uisce amach.
SCILEANNA	Ag iniúchadh Ag meas Ag tomhas
GNÍOMHAÍOCHT	Toirt na scamhóg a thomhas: Líon an buidéal le huisce agus cuir an claibín air. Iompaigh bun os cionn é sa bháisín, agus faoin uisce bain an claibín den bhuidéal. Cuir an tiúb plaisteach isteach sa bhuidéal (ná lig aon aer isteach). Tóg anáil mhór agus séid go láidir sa tiúb go dtí nach mbíonn aon anáil fágtha agat. Cad a tharlaíonn?
SÁBHÁILTEACHT	**Caithfidh tú an tiúb a choimeád glan má tá páistí éagsúla ag baint úsáide as. Is féidir le gach páiste a bhéalóg féin a dhéanamh as sop.**
LEATHNÚ	An féidir an buidéal a líonadh trí feidhm a bhaint as an tiúb mar shiofón?

Tagann spás ag barr an bhuidéil. Taispeánann sé seo an méid aeir a bhí i do scamhóga le hanáil amháin

Ná lig aer isteach!